**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0112/2021**

31.1.2021

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le toirmeasc a chur ar chuideachtaí móra teicneolaíochta a bheith ag cur isteach ar chultúr na díospóireachta parlaimintí

**Christine Anderson, Harald Vilimsky, Roman Haider**

**B9-0112/2021**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le toirmeasc a chur ar chuideachtaí móra teicneolaíochta a bheith ag cur isteach ar chultúr na díospóireachta parlaimintí**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chairt um Chearta Bunúsacha AE, go háirithe Airteagal 11 di,

– ag féachaint d’Airteagal 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí nach bhfuil aon amhras ann ach gur cuid bhunúsach den daonlathas parlaiminteach agus den chinnteoireacht iad na hóráidí a thugann feisirí na bparlaimintí náisiúnta agus Feisirí Pharlaimint na hEorpa;

B. de bhrí go bhfuil ceannasacht ag na cuideachtaí móra teicneolaíochta ar nós Facebook, Twitter agus YouTube sa mhargadh;

C. de bhrí go bhfuil óráidí a thug polaiteoirí an fhreasúra sa suí iomlánach scriosta ag YouTube[1];

1. ag cáineadh an chineáil cinsireachta sin agus á chur i bhfios, san am céanna, go gcuireann na gníomhaíochtaí sin srian ar fheidhmiú an tsaor-sainordaithe;

2. ag tabhairt rabhaidh nár cheart cinniúint an daonlathais a chur i lámha cuideachtaí a bhaineann leas as a gceannasacht sa mhargadh;

3. a chur i bhfáth nár cheart gur faoi na hardáin dhigiteacha a bheadh sé teorainneacha na saoirse cainte a shainiú;

4. á shoiléiriú nár cheart ligean do chuideachtaí móra teicneolaíochta an díospóireacht pholaitiúil a threorú;

5. á chur i bhfios go láidir, ar mhaithe le saoirse cainte agus an chinnteoireacht pholaitiúil, nár cheart ligean do chuideachtaí móra teicneolaíochta óráidí a thugtar sa suí iomlánach a scriosadh mar a oireann sé dóibh, go háirithe i gcás nár cheistigh cathaoirleach an tsuí iomlánaigh na hóráidí sin;

6. á iarraidh ar an gcoiste freagrach tuarascáil a tharraingt suas maidir le cinsireacht den sórt sin, lena n-áirítear moltaí le haghaidh pionóis a d’fhéadfaí a chur ar chuideachtaí móra teicneolaíochta a dhéanann cinsireacht ar óráidí an tsuí iomlánaigh;

7. á iarraidh, thairis sin, go ndéanfaí raon feidhme an dara fomhír d’Airteagal 83(1) CFAE a leathnú chun coir ‘na cinsireachta ar óráidí an tsuí iomlánaigh’ a chumhdach.

[1] https://www.ots.at/presseaussendung/OTS_20210114_OTS0069/fpoe-fuerst-youtube-loeschte-gestrige-parlamentsrede-von-klubobmann-kickl